Tinte san Iarthuaisceart

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thinte móra i nDún na nGall.

A. An bhfuil na focail seo ar eolas agat? Deán féin agus an duine in aice leat iarracht an leagan Gaeilge díobh a aimsiú.

1. fire fighters: _____
2. very courageous: _____
3. mountain fire: _____
4. tamed / controlled: _____
5. 100 emergency calls: _____
6. it burned: _____
7. fire brigade: _____
8. the dawn of the day: _____
9. in danger: _____
10. 2 stretches (of land) _____
11. difficult: _____
12. promised: _____
13. warning is being given: _____

B. Cad iad na focail atá ar eolas agaibh ar an fhocal Béarla '*bog*'?

Féachaigí ar an mhír anois le feiceáil an raibh an ceart agaibh?

Ceist 2 Freagair na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

1. Cén áit go díreach a bhfuil na tinte seo ag tarlú?
2. Ar cuireadh mórán glaonna éigeandála ar na seirbhísí dóiteáin?
3. Cén fáth a bhfuil na seirbhísí dóiteáin faoi bhrú?
4. Cad a dúradh faoin phortach gar don Mhucais?
5. Cén rabhadh atá á thabhairt?

Ceist 3 '…***iar***<u>*th*</u>*uaisceart* Dhún na nGall....'

(a) Cad is brí le **iar-** agus le **oir-**?
(b) Cuir an dá réimír le 'deisceart' anois.
(c) Má tá gaoth aduaidh ann, tá sí ag teacht ón tuaisceart! Cad faoi na cinn seo:

gaoth aniar aduaidh
gaoth aneas
gaoth aniar aneas
gaoth aniar
gaoth anoir
gaoth anoir aneas
gaoth anoir aduaidh

(d) Cad is brí le: *tháinig sé aniar aduaidh orm*?

Ceist 4 '…ceantair Ghaeltachta…'

Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an fhocal 'Gaeltacht'?

Cuir an fhoirm cheart den fhocal idir lúibíní sna bearnaí thíos:

ceantair (deas): _____
cathaoireacha (mór): _____
táblaí (beag): _____
fir (suimiúil): _____
mná (cairdiúil): _____
gluaisteáin (dearg): _____
cótaí (salach): _____
árasáin (fuair): _____

Ceist 5 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- An bhfuil athrú tar éis teacht ar aeráid na tíre seo, dar leat?
- Cén fáth a bhfuil na tinte seo ann, dar leat?
- An bhfuil a leithéid ann agus téamh domhanda?

Freagraí

Ceist 1 A

1. fire fighters:	*lucht dóiteáin*
2. very courageous:	*fíorchróga*
3. mountain fire:	*loiscneach sléibhe*
4. tamed / controlled:	*ceansaithe*
5. 100 emergency calls:	*céad glaoch éigeandála*
6. it burned:	*dhóigh sé*
7. fire brigade:	*briogáid dóiteáin*
8. the dawn of the day:	*bánú an lae*
9. in danger:	*i mbaol*
10. 2 stretches (of land)	*dhá stráice*
11. difficult:	*doiligh*
12. promised:	*geallta*
13. warning is being given:	*táthar ag tabhairt rabhaidh*

Ceist 1 B
Caorán, portach.

Ceist 2
1. In iarthuaisceart Dhún na nGall, i gceantair Ghaeltachta. Mín an Mhéala, Bun an Bhaic, Loch an Iúir, Clochán Liath agus Gaoth Dobhair ina measc.
2. Cuireadh nócha seacht ón chéad lá de mhí an Aibreáin agus caoga seacht de na glaonna sin ag an deireadh seachtaine.
3. De bharr na dtinte ar fad ar fud an chontae agus an dochar atá siad a dhéanamh. Tá tithe agus caoirigh i mbaol agus níl sé éasca do na dóiteáin dul a fhad leis na tinte cionn is go bhfuil an talamh an-bhog.
4. Bhí dhá stráice den chaorán ar thine agus bhí an talamh ar a raibh na dóiteáin ag obair deacair a thrasnú.
5. Go bhfuil sé neamhdhleathach talamh a dhó ón lá inniu go dtí deireadh mhí Lúnasa.

Ceist 3
(a) **iar-** western / **oir-** eastern

(b) Iardheisceart agus oirdheisceart.

(c)
gaoth aniar aduaidh – *ag teacht ón iarthuaisceart*
gaoth aneas – *ag teacht ón deisceart*
gaoth aniar aneas – *ag teacht ón iardheisceart*
gaoth aniar – *ag teacht ón iarthar*
gaoth anoir – *ag teacht ón oirthear*
gaoth anoir aneas – *ag teacht ón oirdheisceart*
gaoth anoir aduaidh – *ag teacht ón oirthuaisceart*

(d) *Tháinig sé aniar aduaidh orm* –Ní raibh mé ag súil leis, baineadh geit asam.

Ceist 4

ceantair (deas):	*ceantair dheasa*
cathaoireacha (mór):	*cathaoireacha móra*
táblaí (beag):	*táblaí beaga*
fir (suimiúil):	*fir shuimiúla*
mná (cairdiúil):	*mná cairdiúla*
gluaisteáin (dearg):	*gluaisteáin dhearga*
cótaí (salach):	*cótaí salacha*
árasáin (fuair):	*árasáin fhuara*

Ceist 5

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí

Eimear Ní Chonaola
Bhí lucht dóiteáin i nDún na nGall fíorchróga aréir agus iad ag dul i ngleic le loisceach[i] sléibhe in áiteanna éagsúla sa gcontae[ii], ceantair Ghaeltachta san áireamh. Cé go bhfuil na tinte ceansaithe anois tá imní ar lucht dóiteáin go bhféadfadh an féar dul trí thine arís mar gheall ar chomh tirim is atá an talamh. Beagnach céad glaoch éigeandála a cuireadh ar sheirbhís dóiteáin an chontae ó thús an Aibreáin.

Áine Ní Bhreisleáin
Seo an damáiste a rinne tinte na hoíche aréir in Iarthuaisceart Dhún na nGall. Thosaigh tine ar thalamh ard i gceantar Mhín an Mhéala agus Bun an Bhaic. Agus dhóigh sé ar feadh míle trasna na gcnoc i dtreo Loch an Iúir. Bhí dhá ionad den Bhriogáid dóiteáin anseo go bánú an lae, ag cinntiú nach mbeadh tithe ná caoirigh i mbaol. Dódh an talamh síos go creig agus bhí toit le feiceáil cúpla míle ar shiúl. Tá seirbhísí dóiteáin an chontae faoi bhrú ollmhór de bharr na dtinte le coicís.

Gerry Rua Ó Gallchóir
Bhí an chéad lá d'Aibreán, bhí nócha seacht scairt…ar an deireadh seachtaine bhí caoga seacht de na scairteanna sin.

Áine Ní Bhreisleáin
Aréir fosta bhí briogáid dóiteáin as an Chlochán Liath agus as Gaoth Dobhair ag tine phortaigh[iii] gar don Mhucais. Bhí dhá stráice den chaorán ar thine agus bhí an talamh ar a raibh na dóiteáin ag obair deacair a thrasnú.

Gerry Rua Ó Gallchóir
Cuid de, tá sé doiligh fáil a fhad leis. Caithfidh tú na hinnill a fhágáil agus siúl suas. Agus, tá an talamh bog, go háirithe san oíche tá sé dainséarach go leor.

Áine Ní Bhreisleáin
Seo caorán in aice leis an Chorrmhín i nGaoth Dobhair, a chuaigh ar thine Déardaoin seo caite. Cé go raibh dhá bhriogáid dóiteáin ar an láthair rinneadh damáiste mór[iv] do phíosa talún. Leis an aimsir mhaith geallta cúpla lá eile, táthar ag tabhairt rabhaidh do dhaoine go bhfuil sé in éadan an dlí talamh a dhó idir seo agus an lá deireanach de mhí Lúnasa.
Áine Ní Bhreisleáin, Nuacht TG4, i gContae Dhún na nGall.

[i] *loiscneach* atá sa chaighdeán oifigiúil
[ii] *sa chontae* atá sa chaighdeán oifigiúil
[iii] *portaigh* a deirtear
[iv] *mhór* a deirtear